An Coimisiún Eorpach

# AN TSEACHTAIN EORPACH UM SCILEANNA GAIRME

## 2018 | Foireann uirlisí meán sóisialta

#DiscoverYourTalent

Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú

# Eolas faoin bhFoireann Uirlisí Meán Sóisialta

Dearadh an fhoireann uirlisí meán sóisialta le haghaidh na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme 2018 chun cabhrú libhse, páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe, an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme agus na buntáistí a bhaineann le Gairmoideachas agus Gairmoilúint (VET) ar fud na hEorpa a chur chun cinn.

Soláthraítear san fhoireann uirlisí seo faisnéis maidir le feachtas cumarsáide na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme agus na bealaí ar féidir leat páirt a ghlacadh sa tSeachtain trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta:

- Roinn ábhair an fheachtais trí na meáin shóisialta
- Lean ardáin an fheachtais, roinn inneachar agus úsáid haischlibeanna an fheachtais
- Noda agus comhairle maidir le conas inneachar a fhoilsiú ar Facebook agus Twitter etc., lena n-áirítear postálacha réamhdhéanta agus naisc chuig ábhair feachtais ar féidir leat iad a úsáid agus a phostáil
- Noda agus comhairle maidir le conas d'inneachar féin a chruthú, lena n-áirítear úsáid a bhaint as Facebook Live, Instagram Live!
- An scéal a scaipeadh ag imeachtaí, noda maidir le beotvuíteáil san áireamh

# Eolas faoi fheachtas na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme

D'éirigh go maith leis na Seachtainí Eorpacha um Scileanna Gairme a reáchtáladh in 2016 agus 2017, agus tá an Coimisiún Eorpach ag eagrú an tríú Seachtain Eorpach um Scileanna Gairme chun aird a tharraingt ar an nGairmoideachas agus Gairmoiliúint (VET). Reáchtálfar an tSeachtain oifigiúil i Vín ón 5 go dtí an 9 Samhain 2018 agus eagrófar na céadta imeachtaí VET ar fud na hEorpa idir Meán Fómhair agus Nollaig 2018.

Tugann an feachtas seo soláthraithe oideachais agus oiliúna, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, údaráis phoiblí, eagraíochtaí gnó agus an pobal le chéile chun próifíl VET a ardú ar fud na hEorpa. Is é atá mar aidhm leis an tSeachtain seo léargas a thabhairt ar na deiseanna ar fad is féidir le VET a chruthú do dhaoine óga agus d'aosaigh, agus ar an luach a chruthaíonn VET don gheilleagar agus d'fhostaíocht agus do scileanna sa todhchaí.

## MANA & HAISCHLIBEANNA AN FHEACHTAIS

Is é mana an tionscnaimh **'Tabhair do thallann chun solais!'**

Tá dhá haischlib in úsáid mar chuid den fheachtas. Úsáidfear #EUVocationalSkills chun díriú ar pháirtithe leasmhara agus éascaitheoirí, agus úsáidfear #DiscoverYourTalent chun díriú ar an tsochaí trí chéile. Úsáid na haischlibeanna seo ionas gur féidir linn comhráite gaolmhara a rianú.

# 6 bhealach ar féidir leat páirt a ghlacadh

## 1. ROINN ÁBHAIR AN FHEACHTAIS

Cuirfimid ábhair uile an fheachtais ar fáil ar leathanaigh ghréasáin Sheachtain Eorpach um Scileanna Gairme an Choimisiúin Eorpaigh. Áireofar i measc an ábhair seo faisnéis faoin bhfeachtas, foirne uirlisí an fheachtais, taispeántas ar líne etc.

Beidh físeáin ar fáil ar Thairseach Chlosamhairc an Choimisiúin Eorpaigh agus ar chainéil Eoraip Shóisialta YouTube, Facebook agus Twitter an Choimisiúin Eorpaigh ionas gur féidir leat iad a chomhroinnt, a phostáil go dúchasach agus/nó a leabú[1] i suíomhanna gréasáin, postálacha blag agus cainéil meán sóisialta.

| |
|---|
| An maith leat tráth na gceist a dhéanamh ar líne?<br>Breathnaigh ar ár gcainéil meán sóisialta más spéis leat páirt a ghlacadh!! |

## 2. LEAN MUID!

Lean muid ar na hardáin meán sóisialta seo agus glac páirt sa chomhrá trí úsáid a bhaint as na haischlibeanna: #EUVocationalSkills #DiscoverYourTalent

Ná bíodh drogall ort inneachar ó na cainéil seo a chomhroinnt.

**Twitter** @EU_social agus @EuropeanYouthEU

**Facebook** @socialeurope agus @EuropeanYouthEU

## 3. FOILSIGH AR NA MEÁIN SHÓISIALTA

Tá roinnt postálacha réamhdhéanta ullmhaithe againn ar féidir libh iad a fhoilsiú ar bhur gcainéil ar líne. Is féidir grianghraif, grafaic faisnéise, GIFanna agus físeáin a chur leo seo lena chinntiú go mbeidh siad níos idirghníomhaí agus níos mealltaí.

| Postálacha meán sóisialta samplacha |
|---|
| Tá imeacht á reáchtáil againn le haghaidh na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme! #DiscoverYourTalent #EUVocationalSkills www.ec.europa.eu/social/VocationalSkillsWeek |
| Tá sé ar ais! Aimsigh imeacht de chuid na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme ar an léarscáil idirghníomhach #EUVocationalSkills www.ec.europa.eu/social/VocationalSkillsWeek |
| An spéis leat gairm nua? Deis iontach uas-scilithe é #adultlearning. www.ec.europa.eu/social/VocationalSkillsWeek #DiscoverYourTalent #EUVocationalSkills |

[1] Má théann tú chomh fada leis an bhfíseán is mian leat a úsáid agus má bhrúnn tú ar Share nó ar an deilbhín, ansin taispeánfar URL a mbeidh tú in ann é a úsáid chun an físeán a leabú.

Ar mhaith leat a bheith ag foghlaim sa láthair oibre? Déan do mhachnamh ar #apprenticeships! Faigh tuilleadh eolais ag an imeacht atá á reáchtáil againn don tSeachtain #EUVocationalSkills: [Link to event info]
#DiscoverYourTalent

**Noda**

- Cuir naisc san áireamh chun trácht a chur i dtreo leathanach gréasáin na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme;
- Cuir amharcíomhánna agus inneachar físeáin san áireamh i do chuid tvuíteanna chun spéis daoine a mhúscailt.  Tá tuilleadh treorach maidir leis seo thíosluaite;
- Úsáid hanlaí Twitter chun úsáideoirí eile a lua i do chuid tvuíteanna agus clibeáil iad i do chuid íomhánna, agus idirghníomhaigh le daoine eile trína tvuíteanna a fhreagairt;
- Pionnáil tvuíteanna ar bharr d'fhotha faoi ghníomhaíochtaí nó físeáin #DiscoverYourTalent;
- Abair 'is maith liom', comhroinn, agus tabhair do thuairim faoi na postálacha seo ar phróifílí aonair, nó ar leathanach Facebook d'eagraíocht féin;
- Glac páirt i gcomhráite trí do thuairimí a thabhairt faoi úsáideoirí eile nó iad a fhreagairt i bpostálacha #EUVocationalSkills agus #DiscoverYourTalent;
- Féadfaidh tú úsáid a bhaint as uirlis sceidealaithe Facebook chun postálacha a dhéanfar amach anseo a phleanáil, lena chinntiú go mbeidh an feachtas á chur chun cinn go rialta;
- Eagraigh gníomhaíocht nó imeacht Facebook Live. Tá treoir maidir le conas Facebook Live a úsáid le fáil thíos. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil trí Ionad Cabhrach Facebook freisin.

**Ardáin meán sóisialta eile**

Is féidir leat ábhair phromóisin faoin tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme a oiriúnú d'éagsúlacht meán sóisialta.  Mar shampla, má tá tú páirteach i ngrúpa ábhartha LinkedIn, nó má tá ardán meán sóisialta a bhfuil tóir air ag do thír féin, ná bíodh drogall ort ábhair feachtais agus faisnéis imeachta a chomhroinnt ansin.

## 4. CRUTHAIGH D'INNEACHAR FÉIN

I rith thréimhse an fheachtais, beidh deiseanna éagsúla agat d'eispéiris agus rochtain ar imeachtaí a chomhroinnt trí raon ardán meán sóisialta. Bealach iontach a bheidh ann chun an scéal a scaipeadh agus daoine eile a spreagadh chun eolas a lorg faoi na himeachtaí. Dá réir sin, tá sé tábhachtach go mbeadh an t-inneachar atá á chruthú agat chomh tarraingteach agus is féidir! Is smaoineamh maith é meascán d'inneachar scríofa agus amhairc a úsáid nuair is féidir (mar shampla, tá níos lú seans ann go scrollófar thar phostáil téacs Facebook agus go dtabharfar neamhaird uirthi má tá íomhá tharraingteach taobh léi)

Nuair a bhíonn d'inneachar féin á chruthú agat, tá sé tábhachtach é a chlibeáil ar bhonn comhsheasmhach agus haischlibeanna oifigiúla a úsáid chun cur le haitheantas agus inchuardaitheacht an fheachtais, is féidir na clibeanna agus na haischlibeanna seo a úsáid in inneachar scríofa agus amhairc, agus tá tuilleadh eolais le fáil thíos.

Leid thábhachtach eile is ea gur cheart duit a bheith cruthaitheach! Bealach maith chun aird a tharraingt agus spéis spriocphobal meáin a chothú i rith na seachtaine é emoji, scagairí agus beophictiúir ón imeacht a chur san áireamh. Ná déan dearmad a chinntiú go n-oireann

d'inneachar don suíomh (bí ciallmhar faoi na emoji a roghnaíonn tú) agus faigh cead ó dhaoine roimh iad a chur san áireamh i do ghrianghraif agus inneachar.

### Amharcíomhánna a úsáid

Lena chinntiú go mbeidh do phostálacha meán sóisialta níos tarraingtí, déan cinnte go gcuireann tú íomhánna, grianghraif nó físeáin taobh leis na postálacha. Is féidir d'ábhair féin a chruthú nó úsáid a bhaint as na hábhair atá réamhdhéanta againn agus ar féidir iad a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme.

Áirítear ina measc:

- Amharc-aithne
- Cuirfear níos mó físeán prómóisin ar an leathanach gréasáin níos gaire don tSeachtain.

### GIFanna

Is éard is GIF ann sraith ghonta de fhrámaí íomhá a thaispeántar ceann i ndiaidh a chéile, chun gearrthóg bheochana a chruthú. Is bealach maith iad seo chun aird daoine a tharraingt agus teachtaireacht a chur in iúl. Má tá teachtaireacht ann, tá deis ann GIF a úsáid!

Tá GIFanna i ngach áit; tá an-tóir orthu ar na meáin shóisialta agus is bealach éifeachtach iad chun spéis daoine a mhúscailt.

Ní hamháin go dtéann GIFanna i bhfeidhm ar dhaoine, tá sé éasca iad a chruthú chomh maith. Tá go leor uirlisí atá éasca le húsáid le fáil ar líne chun cabhrú leat do chuid GIFanna féin a chruthú.

Gifs.com - is uirlis fhoirfe é seo chun GIFanna a chruthú ó YouTube, Instagram nó físeáin vine.

Giphy GIF Maker - trí úsáid a bhaint as cur chuige simplí Giphy, féadfaidh tú do chomhaid físeáin nó do naisc YouTube féin a chruthú.

Gifmaker.me - cuireann an uirlis ar líne seo ar do chumas GIFanna a chruthú ó íomhánna. Féadfaidh tú do GIF a shaincheapadh trí mhéid an chanbháis, an líon uaireanta ar chóir an GIF a thaispeáint agus an luas, a athrú.

### Cá háit a bhfuil na GIFanna réamhdhéanta is fearr le fáil

Tá go leor acmhainní GIF le fáil ar líne, ach seo thíos cuid de na hacmhainní is cáiliúla.

Giphy – Tá ceann de na bailiúcháin is mó GIF le fáil ar Giphy. Tá an fheidhm chuardaigh agus na catagóirí simplí agus tá sé éasca teacht ar an GIF foirfe.

Twitter GIF Search - Tá rogha iontach beochaintí le fáil i leabharlann GIF Twitter. Tá an fheidhm chuardaigh á cumhachtú ag dhá cheann de na stórtha GIFanna is mó ar an idirlíon; Giphy agus Riffsy.

### Noda chun do ghrianghraif féin a chruthú

Trí dhaoine a chur san áireamh féadfaidh tú inneachar a thabhairt chun beochta agus cuirfidh daoine spéis ann. Seo thíos roinnt nod maidir le grianghraif de dhaoine a thógáil:

- Cinntigh go bhfuil cead faighte agat grianghraif do bhall a phostáil roimh iad a phostáil;
- Déan iarracht íomhánna dearfacha a fháil de dhaoine ar spéis leo an fhoghlaim;

- Tabhair léargas níos fearr do do spriocphobal meáin ar d'eagraíochtaí trí eispéiris ón méid a bhíonn ar siúl sa chúlra a roinnt.

**Noda maidir le scannánaíocht a dhéanamh ar d'fhón cliste nó táibléad**

Féadfaidh tú píosa scannánaíochta a dhéanamh ag d'imeacht trí úsáid a bhaint as d'fhón cliste nó táibléad agus é a uaslódáil chuig na meáin shóisialta ionas go mbeidh a fhios ag níos mó daoine gur reáchtáladh d'imeacht. Seo a leanas roinnt nod nár cheart duit a ligean i ndearmad:

- Cinntigh go bhfuil an fón cliste i dtreoshuíomh tírdhreacha (bíodh na ciumhaiseanna is faide comhthreomhar leis an talamh);
- Tapáil ar an scáileán ar an bpointe is mian leat díriú air;
- Cinntigh go bhfuil tú ag taifeadadh (ba cheart go bhfeicfeá amchód ar an scáileán);
- Déan iarracht an ceamara a choinneáil chomh socair agus is féidir;
- Más i suíomh dorcha atá tú, cas air an splanc ionas go mbeidh cuma níos fearr ar an bpictiúr;
- Cinntigh go bhfuil an ceamara dírithe i dtreo an rud is mian leat scannánaíocht a dhéanamh air;
- Is féidir ábhar a uaslódáil trí Dropbox, nó seirbhís cosúil le Transfer a chinnteoidh nach mbeidh do phíosa scannánaíochta comhbhrúite.

**Céard ba chóir duit labhairt faoi má tá scannánaíocht á déanamh agat ar fhógra imeachta:**

- Cainteoir ag fógairt an imeachta (ná déan dearmad ainm agus suíomh an imeachta a rá);
- Labhair faoi mbealach a gcuireann an t-imeacht an ghairmoiliúint chun cinn mar chéad rogha;
- Labhair faoin méid is mian leat a bhaint amach tríd an imeacht a reáchtáil, céard iad na buntáistí follasacha a bhainfidh na rannpháirtithe as an imeacht (e.g. scileanna nua a fhoghlaim más cúrsa oiliúna atá i gceist, níos mó a fhoghlaim faoi scileanna ábhartha atá riachtanach chun obair a aimsiú i dtionscal sonrach, faisnéis a fháil faoi acmhainní atá ar fáil etc.);
- Tabhair cuireadh do dhaoine freastal ar d'imeacht

**Céard ba chóir duit scannánaíocht a dhéanamh air i rith fógra imeachta:**

- Seat gar-amhairc den chainteoir ar an ardán
- Seat leathan de dhaoine ar an ardán
- Idirghníomhaíocht ghrúpa
- Daoine ag breacadh nótaí
- Daoine ag gáire/daoine gealgháireacha
- Seatanna den cheantar áitiúil
- Seatanna a bhaineann go sonrach leis an suíomh nó leis an ngníomhaíocht

## 5. Bí 'BEO'

Le cois postálacha meán sóisialta traidisiúnta agus sceidealaithe, tá sé tábhachtach úsáid a bhaint as na huirlisí éagsúla atá ar fáil ar na meáin shóisialta ionas go mbeidh do phostálacha chomh tarraingtí agus is féidir. Tá an-tóir ag úsáideoirí meán sóisialta ar bheoshruthú, agus tá níos mó ardán á gcuimsiú mar chuid dá n-eispéireas úsáideoirí. Ní

hamháin go n-éascaíonn sé caidreamh níos dlúithe le do spriocphobal meáin trí rochtain a thabhairt dóibh ar an méid atá ag tarlú sa chúlra ag imeachtaí atá i mbéal an phobail, is bealach iontach é freisin chun d'inneachar feachtais a úsáid i bhfíor-am.

### Úsáid a bhaint as Facebook Live

Cuireann Facebook Live ar chumas daoine físeán beo a chomhroinnt lena leantóirí agus lena gcairde. Tugann an tseirbhís sruthaithe deis do dhaoine físeáin bheo a chraoladh óna ngléasanna móibíleacha ar a bhFotha Nuachta Facebook.

Nuair a bhíonn deireadh le craoladh beo, foilsítear an físeán ar an Leathanach Facebook ionas gur féidir leo siúd nach raibh deis acu breathnú ar an gcraoladh beo breathnú air ina dhiaidh sin.

### Conas craoladh ar Facebook Live

Tá teacht ar Facebook Live ón Aip mhóibíleach Facebook ar féidir leat í a íoslódáil saor in aice trí iTunes nó Google Play.

Roimh thús a chur le craoladh, tabharfaidh Facebook deis duit cur síos a dhéanamh ar do chraoladh. Scríobh cur síos láidir ina dtabharfaidh tú an méid faisnéise agus is féidir do do spriocphobal meáin agus inis do do spriocphobal meáin faoin méid ar cheart dóibh a bheith ag súil leis.

Molann Facebook a bheith beo ar feadh cúig nóiméad, ar a laghad. Ní thabharfaidh craoladh atá róghearr dóthain ama do dhaoine díriú ar an scéal. Bíonn nós ag níos mó daoine féachaint ar chraoltaí níos faide.

Tá go leor cineálacha éagsúla craoltaí a d'fhéadfá a phostáil chun spéis do spriocphobal meáin a mhúscailt, cosúil le:

- Seisiún Ceisteanna agus Freagraí a reáchtáil
- Agallamh gearr a dhéanamh le comhghleacaí nó le saineolaí
- Tabhair deis d'amharcóirí súil a chaitheamh ar an méid atá ag tarlú sa chúlra
- Múin rud éigin do dhaoine trí fhíseán taispeána




### Cúig nod le haghaidh Facebook Live

1. Cuir in iúl do dhaoine go mbeidh craoladh á dhéanamh agat roimh ré ionas go mbeidh siad ag faire amach do d'fhíseán;

2. Bí ag cleachtadh sula ndéanann tú an craoladh. Féadfaidh tú do chraoltaí a thástáil tríd an rogha ‘mise amháin’ a roghnú sa socrú;
3. Spreag amharcóirí chun ‘Is maith liom’ a rá agus an físeán a chomhroinnt e.g. “Abair is maith liom má…”, “Comhroinn le…”;
4. Iarr ar amharcóirí liostáil chun fógraí beo a fháil ionas go bhfaighidh siad fógra an chéad uair eile a bheidh tú beo;
5. Freagair tuairimí beo, úsáid ainmneacha an spriocphobail mheáin chun a n-aird a choinneáil.

### Ag úsáid Instagram

Is aip chomhroinnte grianghraif agus físeáin é Instagram agus tá an aip seo in úsáid ag thart ar 700 milliún úsáideoir gníomhach faoi láthair. Cuireann Instagram Live ar chumas daoine físeán beo a chomhroinnt lena leantóirí.

Tugann an tseirbhís sruthaithe deis do dhaoine físeáin bheo a chraoladh óna ngléasanna móibíleacha ar a bhFotha Instagram.  Tugann Instagram Stories deis d’úsáideoirí an 24 uair an chloig deireanach d’inneachar a uaslódáil, is cuma más pictiúr, físeán nó ‘búmarang’ atá ann, ionas go mbeidh a leantóirí agus leantóirí eile Instagram in ann breathnú ar suas le 24 uair an chloig d’ábhar uaslódáilte.

### Conas Instagram Stories a úsáid

Tá dhá bhealach laistigh den aip chun tús a chur le do ‘scéal’; trí chliceáil ar dheilbhín an cheamara sa chúinne uachtair le linn duit a bheith i mbun d’fhotha nó trí chliceáil ar do dheilbhín le linn duit a bheith ar do phróifíl. Mar atá thíosluaite, beidh do scéal le feiceáil os cionn fotha úsáideora agus cuirfear in iúl dóibh cibé an bhfuil nó nach bhfuil tú ag beoshruthú.

Beidh roinnt roghanna agat maidir le conas do cheamara a úsáid; ar an ngnáthbhealach, trí fhíseán beo, búmarang nó lámhshaor. Nuair a bheidh do phictiúr tógtha agat sa ‘ghnáthshocrú’, féadfaidh tú lánúsáid a bhaint as gné Instagram.

Mar a fheicfidh tú sa sampla thíos, is féidir leat scagairí a chur san áireamh, úsáideoirí eile a chlibeáil, geo-scagairí, haischlibeanna agus emoji a cheangal le do phictiúr. Ina theannta sin, tá na gnéithe clibeála inchliceáilte; treorófar tú chuig aon haischlib, próifíl nó suíomh atá scríofa ar an bpictiúr agat nuair a chliceálann tú orthu. Is bealach iontach é seo chun inchuardaitheacht d’inneachair a mhéadú.




**Noda maidir le Instagram Stories**

- Cinntigh go bhfuil cead agat grianghraif do bhall a phostáil roimh iad a úsáid agus cinntigh ceist a chur orthu maidir lena bhfuil cuntas Instagram acu ar féidir é a chlibeáil sa scéal.
- Ná déan dearmad mura bhfuil tú ag iarraidh pictiúr a chur leis láithreach, nach bhfuil ach 24 uair an chloig agat chun é a chur le do scéal.
- Nuair atá grianghraif á gclibeáil agat ná déan dearmad úsáid chomhsheasmhach a bhaint as clibeáil agus scagairí.
- Tabhair léargas níos fearr do do spriocphobal meáin ar d'eagraíochtaí trí eispéiris ón méid a bhíonn ar siúl sa chúlra a roinnt

**Conas craoladh ar Instagram Live**


Oibríonn Instagram Live ar bhealach mórán mar an gcéanna le Facebook Live, sa mhéid is nach bhfuil sé inrochtana ach trí aip Instagram, ar féidir í a íoslódáil saor in aisce trí iTunes nó Google Play.

Is sruth beo é Instagram Live, atá cosúil le Facebook Live a chuireann ar chumas an úsáideora a fhíseán a chur ar fáil suas le 24 uair an chloig i ndiaidh an scannánaíocht a dhéanamh. Tá na húsáidí a bhaintear as an uirlis seo cosúil leis na húsáidí a bhaintear as Facebook Live, chomh fada is a bhaineann le hinneachar tarraingteach a chruthú cosúil leis seo a leanas:

- Seisiún Ceisteanna agus Freagraí a reáchtáil
- Agallamh gearr a dhéanamh le comhghleacaí nó le saineolaí
- Tabhair deis d'amharcóirí súil a chaitheamh ar an méid atá ag tarlú sa chúlra
- Múin rud éigin do dhaoine trí fhíseán taispeána

Sa sampla thíos, nuair atá an socrú 'beo' nó 'lámhshaor' á roghnú, tá tú in ann beoshruthú ní hamháin chuig do leantóirí féin ach chuig aon úsáideoir Instagram freisin.

Cé nach gceadaíonn an ghné seo scagairí a úsáid nó aon ábhar breise a chlibeáil, is féidir le húsáideoirí nóta tráchta agus aiseolas dearfach a fhágáil i bhfíor-am. Níl aon teorainn ama ar d'fhíseán beoshruthaithe. Nuair a bheidh d'fhíseán críochnaithe beidh tú in ann an méid úsáideoirí a d'fhéach air a fheiceáil agus cinneadh a dhéanamh maidir lenár mhaith leat go mbeadh an físeán le feiceáil ar feadh 24 uair an chloig eile.





### Noda maidir le Instagram Live

- Cinntigh go bhfuil brúfhógraí casta air ionas go meabhrófar d'úsáideoirí breathnú air;
- Spreag amharcóirí chun 'Is maith liom' a rá agus nóta tráchta faoin bhfíseán a scríobh e.g. "Abair is maith liom má…", "Céard a cheapann muid faoi…";
- Cinntigh go ndéanann tú scannánaíocht ar inneachar mealltach a mbeidh spéis ag daoine ann, lena n-áirítear baill agus aíonna mór le rá chun léargas a thabhairt ar a bhfuil ag tarlú sa chúlra;
- Téigh i dtaithí ar an gceamara ar do ghléas a iompú ó thaobh go taobh lena chinntiú go mbeidh an t-eispéireas sruthaithe éifeachtach.

### Ag úsáid Twitter Live (á chumhachtú ag Periscope)

Is gné é Twitter Live, á cumhachtú ag Periscope, laistigh d'aip Twitter a cheadaíonn d'úsáideoirí Beoshruthú a dhéanamh. Tá sé cosúil le Facebook Live agus Instagram Live, sa mhéid is go gceadaíonn sé rannpháirtíocht dhíreach, gur féidir féachaint ar an sruth nuair atá tú réidh ag scannánaíocht agus is féidir le gach úsáideoir breathnú air. Chun é a úsáid, íoslódáil Twitter ó iTunes nó Google Play.




Cuireann Twitter in iúl duit nuair atá tú beo agus cuireann sé ar do chumas cead a thabhairt d'úsáideoirí eile freagairt do agus nóta tráchta a scríobh faoin bhfíseán.

## 6. SCAIP AN SCÉAL AG IMEACHTAÍ

Is mian linn teachtaireacht an fheachtais a scaipeadh i measc spriocphobal meáin chomh mór agus is féidir.

Má tá imeacht á eagrú agaibh, as líne nó ar líne, molaimid daoibh faisnéis faoin imeacht a chur ar léarscáil idirghníomhach na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme tríd an imeacht a chlárú. Nuair a bhíonn imeacht á chur chun cinn ar na meáin shóisialta, clibeáil eagraíochtaí ábhartha eile i do phostálacha agus tvuíteanna ionas go mbeidh siad ar an eolas faoin imeacht agus go spreagfar iad chun é a chomhroinnt lena leantóirí freisin.

Má tá tú ag freastal ar imeacht náisiúnta nó réigiúnach de chuid na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme cén fáth nach spreagann tú daoine chun páirt a ghlacadh ann, agus scaip an scéal!

### Noda maidir le beotvuíteáil

- Seiceáil haischlibeanna an imeachta chun a fháil amach cé eile atá ag beotvuíteáil agus comhroinn a n-inneachar;
- Cuir luach leis do do leantóirí trí inneachar a chur ar fáil dóibh nach féidir a fháil in aon áit eile;
- Déan iarracht íomhánna, gifanna, grafaic faisnéise nó físeáin a áireamh i do phostálacha mar go bhfuil siad i bhfad níos tarraingtí;
- Comhroinn athfhriotail inspioráideacha/príomhfhíricí. Déan iarracht comharthaí athfhriotail a úsáid nuair a bhíonn tagairt dhíreach á déanamh agat do shleachta.

Úsáid haischlib an fheachtais #EUVocationalSkills, #DiscoverYourTalent nuair a oireann sé, i do phostálacha ar Facebook, Twitter, etc. Is féidir linn monatóireacht a dhéanamh ar do phostálacha agus iad a chomhroinnt trí chuntais an Choimisiúin Eorpaigh nuair is cuí.

## Déan teagmháil linn

Táimid sásta cabhrú leat le haon cheist a d'fhéadfadh a bheith agat maidir leis na gníomhaíochtaí meán sóisialta.

**Suíomh Gréasáin:** ec.europa.eu/social/VocationalSkillsWeek

**R-phost:** info@vocationalskillsweek.eu

**Teileafón:** +44 (0)207 444 4264

**Yammer:** www.yammer.com/europeanvocationalskillsweeknetwork

**Twitter:** @EU_social @EuropeanYouthEU #EUVocationalSkills #DiscoverYourTalent

**Facebook:** @socialeurope, @EuropeanYouthEU